Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Lúnasa 2026**
**(OR. en)**

**12395/26**
**ADD 1**

**PROCIV 165**
**COHAFA 69**
**COJUR 45**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 401 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear don Choimisiún Eorpach a bheith rannpháirteach, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa chaibidlíocht laistigh d'Eagraíocht na Náisiún Aontaithe le haghaidh comhaontú idirnáisiúnta maidir le daoine a chosaint i gcás tubaistí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 401 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 401 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.7.2026
COM(2026) 401 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**lena n-údaraítear don Choimisiún Eorpach a bheith rannpháirteach, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa chaibidlíocht laistigh d'Eagraíocht na Náisiún Aontaithe le haghaidh comhaontú idirnáisiúnta maidir le daoine a chosaint i gcás tubaistí**

# AGUISÍN

## TREORACHA MAIDIR LE CAIBIDLÍOCHT LE HAGHAIDH COMHAONTÚ IDIRNÁISIÚNTA MAIDIR LE DAOINE A CHOSAINT I GCÁS TUBAISTÍ

I ndáil leis an bpróiseas caibidlíochta, ba cheart é a bheith d'aidhm ag an Aontas go mbeidh an próiseas caibidlíochta oscailte, cuimsitheach agus trédhearcach, agus go mbeidh sé bunaithe ar chomhar de mheon macánta.

Maidir le cuspóirí ginearálta na caibidlíochta, ba cheart é a bheith mar aidhm ag an Aontas an méid seo a leanas a bhaint amach:

(1) Agus cearta an duine, an dlí idirnáisiúnta agus na rialacha agus na prionsabail a chumhdaítear i gCairt na Náisiún Aontaithe á gcur chun cinn, leagtar síos leis an gCoinbhinsiún na prionsabail maidir le comhar idirnáisiúnta éifeachtach i mbainistiú tubaistí, go háirithe nuair is léir go sáraíonn tubaiste acmhainneachtaí Stáit.

(2) Tá an Coinbhinsiún i gcomhréir le prionsabail Chreat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaiste 2015-2030[1] agus cuirtear príomhthorthaí an Athbhreithnithe Meántéarma ar Chreat Sendai[2] san áireamh go hiomlán.

(3) Tá forálacha an Choinbhinsiúin comhoiriúnach le creat dlíthiúil an Aontais i réimse na cabhrach daonnúla, mar atá Rialachán (CE) Uimh. 1257/962 ón gComhairle arna ghlacadh ar bhonn Airteagal 214 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), leis an gcreat dlíthiúil lena rialaítear tacaíocht an Aontais do ghníomhaíocht na mBallstát i réimse na cosanta sibhialta de bhun Airteagal 196 CFAE agus leis an reachtaíocht thánaisteach a glacadh ar an mbonn sin, Cinneadh 1313/2013/AE maidir le Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta. Tá na forálacha comhoiriúnach freisin le prionsabail na Teachtaireachta Comhpháirtí ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 27 Bealtaine 2026[3].

(4) Tá forálacha an Choinbhinsiúin i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais agus na mBallstát.

(5) Le forálacha an Choinbhinsiúin, baintear cothromaíocht iomchuí amach idir na cosaint a thabhairt do na daoine dá ndéantar difear trína gcearta a urramú agus trí aghaidh a thabhairt ar a mbunriachtanais ar thaobh amháin agus trí phrionsabal cheannasacht chríochach na Stát a urramú go hiomlán ar an taobh eile, lena mbaineann an phríomhfhreagracht atá ar na Stáit dá ndéantar difear fóirithint tubaistí a sholáthar.

(6) Seasann an Coinbhinsiún le prionsabail dhaonnúla na neodrachta, na neamhchlaontachta, na daonnachta agus an neamhspleáchais, prionsabail nach mór a chur chun cinn agus a urramú go hiomlán freisin i gcomhthéacs na fóirithinte tubaistí, mar a chumhdaítear sa Chomhdhearcadh Eorpach maidir le Cabhair Dhaonnúil[4].

---

[1] Rún 69/283 a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 3 Meitheamh 2015.

[2] Príomhthorthaí athbhreithniú Meántéarma Chreat Sendai.

[3] Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, Luachanna a chosaint, athchóiriú a spreagadh, tionchar a imirt: gníomhaíocht dhaonnúil an Aontais in ord domhanda atá ag athrú, JOIN(2026)25 Final, an 27 Bealtaine 2025.

[4] Ráiteas Comhpháirteach ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún (2008/C 25/01).

(7) Sonraítear i dtéacs an Choinbhinsiúin, i gcásanna coinbhleachta armtha, gur cheart rialacha maidir leis na saincheisteanna céanna a léirmhíniú, a mhéid is féidir, chun go n-eascróidh tacar aonair oibleagáidí comhoiriúnacha uathu. I gcás inarb ann do chontrárthachtaí doréitithe, tá tosaíocht ag an dlí daonnúil idirnáisiúnta mar *lex specialis* agus ní féidir aon ní sa Choinbhinsiún a léamh ná a léirmhíniú mar ní a dhéanann difear don dlí daonnúil idirnáisiúnta. An tráth céanna, ní eisiatar cur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin *a priori,* go háirithe agus cásanna éigeandála casta á gcur san áireamh i gcás ina dtarlaíonn tubaiste i limistéar ina bhfuil coinbhleacht armtha.

Maidir le substaint na caibidlíochta, ba cheart é a bheith d'aidhm ag an Aontas an méid seo a leanas a bhaint amach:

(8) Cumhdaítear le raon feidhme an Choinbhinsiúin gach céim den bhainistiú tubaistí, lena n-áirítear cosc, ullmhacht agus freagairt, agus cuirtear chun cinn leis an comhar idirnáisiúnta maidir le bainistiú tubaistí, go háirithe maidir le tubaistí a bhfuil móréifeachtaí trasteorann acu nó a sháraíonn acmhainneachtaí freagartha náisiúnta Stáit.

(9) Aithnítear go hiomlán i bhforálacha an Choinbhinsiúin a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar bhunriachtanais daoine dá ndéantar difear agus a gcearta bunúsacha a urramú an tráth céanna, agus cothromaíocht a bhaint amach idir an dá chur chuige chomhlántacha sin.

(10) Déantar foráil sa Choinbhinsiún maidir le sainmhínithe ar thubaistí lenar féidir aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí díobhálacha teagmhais ar na daoine dá ndéantar difear, gan beann ar thionscnamh na tubaiste. Seachnaítear leis an sainmhíniú aon tairseach dhoiléir nó thar a bheith ard chun forálacha an Choinbhinsiúin a chur i bhfeidhm agus áirítear leis damáiste do mhaoin chultúrtha i measc na n-iarmhairtí díobhálacha a d’fhéadfadh a bheith ag tubaiste.

(11) Tá forálacha an Choinbhinsiúin go hiomlán i gcomhréir le Treoirlínte Osló maidir le hÚsáid Sócmhainní Eachtracha Míleata agus Cosanta Sibhialta san Fhóirithint ar Thubaistí[5], agus aithnítear nach bhféadfar na sócmhainní sin a úsáid ach amháin i gcás nach bhfuil aon rogha mhalartach shibhialtach inchomparáide ann agus nach féidir ach le húsáid sócmhainní míleata freastal ar riachtanas daonnúil criticiúil.

(12) Áirítear leis an sainmhíniú ar ghníomhaithe cúnaimh tagairt d’eagraíochtaí lánpháirtíochta réigiúnaí, agus ar an gcaoi sin aithnítear ról eagraíochtaí amhail an tAontas maidir le tacaíocht a thabhairt don bhainistiú tubaistí.

(13) Tá an sainmhíniú ar chúnamh seachtrach leathan agus tá saineolas san áireamh ann.

(14) Luaitear go sainráite sa Choinbhinsiún nach mór ceithre phrionsabal dhaonnúla na neodrachta, na neamhchlaontachta, na daonnachta agus an neamhspleáchais a urramú agus freagairt á tabhairt do thubaistí. Is é cuspóir uileghabhálach na hionstraime cosaint a thabhairt do na daoine dá ndéantar difear nach mór a gcearta a urramú, agus nach mór aghaidh a thabhairt ar a riachtanais fhíor-riachtanacha, agus cás sonrach na ndaoine a ndéanann tubaiste difear díréireach dóibh á chur san áireamh, lena n-áirítear iad siúd a ndéantar cineálacha iomadúla trasnacha idirdhealaithe orthu, agus aird ar leith á tabhairt ar chearta agus riachtanais ban, leanaí, daoine scothaosta, daoine breoite agus daoine faoi mhíchumas.

(15) Bunaítear leis an gCoinbhinsiún dualgas ar Stáit dul i gcomhar eatarthu féin, agus le heagraíochtaí ábhartha idirnáisiúnta rialtasacha agus neamhrialtasacha ag gach céim den bhainistiú tubaistí, lena n-áirítear laghdú rioscaí tubaiste, chun freagairt go leordhóthanach do líon, castacht agus déine na dtubaistí atá ag dul i méid. Tá dualgas ar Stáit dá ndéantar difear

[5] Treoirlínte Osló na hOifige um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla, mí na Samhna 2007.

cúnamh seachtrach a lorg nuair is léir go sáraíonn an tubaiste a n-acmhainneachtaí. Luaitear sa Choinbhinsiún freisin liosta leathan neamh-uileghabhálach d'fhoirmeacha comhair.

(16) Cumhdaítear leis an gCoinbhinsiún dualgas Stát rioscaí tubaistí a laghdú trí bhíthin modhanna iomchuí.

(17) Luaitear go soiléir i bhforálacha an Choinbhinsiúin an oibleagáid atá ar an Stát dá ndéantar difear na daoine dá ndéantar difear a chosaint agus cúnamh a sholáthar, lena ngabhann an dualgas a áirithiú go soláthraítear cúnamh go tráthúil agus go héifeachtach, agus rochtain ar chúnamh seachtrach a chumasú do na daoine atá i ngátar. Cé go bhfuil sé de cheart ag an Stát dá ndéantar difear coinníollacha a chur ar sholáthar cúnaimh sheachtraigh, agus cearta agus riachtanais na ndaoine dá ndéantar difear á gcur san áireamh, sonraítear go soiléir sna forálacha nach ndéanfaidh an Stát dá ndéantar difear a thoiliú le tairiscintí cúnaimh sheachtraigh a choinneáil siar go treallach. Sonraítear sna forálacha freisin nach mór don Stát dá ndéantar difear soláthar cúnaimh a éascú agus pearsanra, trealamh agus earraí fóirithinte a chosaint le haghaidh na fóirithinte tubaistí.

(18) Tá íosrialacha nós imeachta sa Choinbhinsiún maidir le comhar idirnáisiúnta éifeachtach lena n-áirithítear go gcuirfear deireadh rianúil de réir a chéile leis an gcúnamh seachtrach.

Maidir le feidhmiú an Choinbhinsiúin, ba cheart é a bheith d'aidhm ag an Aontas an méid seo a leanas a bhaint amach:

(19) Caomhnaíonn an Coinbhinsiún na hionstraimí domhanda agus réigiúnacha atá ann cheana agus an comhar idirnáisiúnta atá ar bun cheana le haghaidh na fóirithinte ar thubaistí. Is féidir le Ballstáit an Aontais, leanúint de rialacha an Aontais a chur i bhfeidhm ina gcaidreamh frithpháirteach go háirithe.

(20) Déantar foráil sa Choinbhinsiún maidir le sásra éadrom iomchuí chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme é agus déantar foráil ann maidir le forálacha críochnaitheacha, lena n-áirítear síniú, daingniú, glacadh, formheas agus aontachas, teacht i bhfeidhm, leasú, fionraí, séanadh agus taiscí agus teangacha.

(21) Áirithítear leis an gCoinbhinsiún rannpháirtíocht agus comhar éifeachtach i measc na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha agus eagraíochtaí eile de chuid na sochaí sibhialta, chun tacú lena chur chun feidhme.

(22) Leis an gCoinbhinsiún ceadaítear don Aontas a bheith ina pháirtí ann agus páirt a ghlacadh sa sásra um réiteach díospóidí.

Tríd is tríd, is mar seo a leanas a bheidh an nós imeachta caibidlíochta:

(23) Ba cheart don Choimisiún féachaint lena áirithiú go bhfuil an Coinbhinsiún comhsheasmhach le reachtaíocht agus le beartais ábhartha an Aontais, agus le gealltanais an Aontais faoi chomhaontuithe iltaobhacha ábhartha eile.

(24) Ba cheart don Choimisiún caibidlíocht a dhéanamh thar ceann an Aontais, maidir le hábhair a thagann faoina inniúlacht, i gcomhréir leis na Conarthaí.

(25) Ní mór an chaibidlíocht, lena n-áirítear gach babhta caibidlíochta, a ullmhú roimh ré. Chun na críche sin, cuirfidh an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas faoin sceideal a bhfuiltear ag súil leis agus faoi na saincheisteanna a bheidh le caibidliú agus comhroinnfidh sé an fhaisnéis ábhartha a luaithe is féidir.

(26) I gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit comhoibriú go dlúth le linn an phróisis caibidlíochta, lena n-áirítear trí theagmháil rialta le saineolaithe na mBallstát agus le hionadaithe i Nua-Eabhrac.

(27) A mhéid is féidir, roimh na seisiúin chaibidlíochta, beidh cruinniú ag an Meitheal um an Dlí Idirnáisiúnta Poiblí chun na príomh-shaincheisteanna a shainaithint, tuairimí a cheapadh agus treoir a chur ar fáil, lena n-áirítear dearbhuithe agus forchoimeádais a cheapadh, de réir mar is iomchuí.

(28) Tuairisceoidh an Coimisiún don Mheitheal um an Dlí Idirnáisiúnta Poiblí maidir le toradh na caibidlíochta tar éis gach seisiúin caibidlíochta, lena n-áirítear i scríbhinn.

(29) Cuirfidh an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas faoi aon saincheist thábhachtach a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn na caibidlíochta agus rachaidh sé i gcomhairle leis an Meitheal um an Dlí Idirnáisiúnta Poiblí.